# 24 Comhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann

**24.1** Bunaíodh Comhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann (an Chomhairle Fhioscach) faoin Acht um Fhreagracht Bhuiséadach, 2012 (an tAcht) chun measúnuithe neamhspleácha ar phleananna buiséadacha agus réamh-mheastacháin an Rialtais a chur ar fáil agus chun eolas a thabhairt don díospóireacht phoiblí ar chúrsaí eacnamaíocha agus fioscacha.

## Cuntais Chomhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann

**24.2** Is é Cathaoirleach na Comhairle Fioscaí an t-oifigeach atá freagrach as ráitis airgeadais na Comhairle a ullmhú agus a chur i láthair chun a n-iniúchta.[1] Faoin Acht, ceanglaítear ar an gComhairle Fhioscach cuntais ar fháltais agus ar chaiteachas a choinneáil san fhoirm a cheadaíonn an tAire Airgeadais (an tAire) agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis dheireadh na tréimhse cuntasaíochta lena mbaineann siad.[2] Tar éis an iniúchadh a chríochnú, ní mór cóip de na cuntais agus den tuarascáil iniúchta a thabhairt don Aire, agus caithfidh an tAire iad a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais ina dhiaidh sin.

**24.3** Anuas air sin, ceanglaítear leis an Acht ar an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuarascáil a thabhairt do Dháil Éireann maidir le cruinneas na suimeanna a thabharfaidh an Chomhairle Fhioscach chun cuntais gach bliain. Seo í an tuarascáil don bhliain 2023.

**24.4** Rinneadh iniúchadh ar chuntais na Comhairle Fioscaí don bhliain 2023, agus eisíodh an tuarascáil ar an iniúchadh an 6 Lúnasa 2024.

**24.5** Táim sásta go dtugtar leis na cuntais léargas fírinneach agus cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na Comhairle Fioscaí ag deireadh 2023 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain.

## Maoiniú

**24.6** Maoinítear an Chomhairle Fhioscach ó Lárchiste an Státchiste, faoi réir suim 'uasteorainn' bhliantúil atá innéacsaithe leis an mboilsciú.[3] Ba í an uasteorainn mhaoinithe bunaithe ar airgead tirim €923,000 in 2023 (2022: €854,000) agus ghlac an Chomhairle Fhioscach €792,000 de chistí le linn na bliana (2022: €730,000).[4]

**24.7** Ba é ioncam na Comhairle Fioscaí don bhliain ar tugadh cuntas uirthi ar bhonn fabhraithe €868,000 (2022: €904,000).[5]

**24.8** Ba é caiteachas reatha na Comhairle Fioscaí €871,000 in 2023 (2022: €901,000).

**24.9** B'ionann costais tuarastail agus 56% den chaiteachas in 2023. Bhain an ghné ba mhó de chaiteachas riaracháin neamhphá na Comhairle Fioscaí le táille riaracháin iníoctha leis an Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) maidir le costais cóiríochta oifige agus seirbhísí tacaíochta in 2023 dar luach thart ar €128,000 san iomlán.

1 D'éirigh an tUasal Sebastian Barnes (ECFE) as a phost mar Chathaoirleach ar an gComhairle Fhioscach ag deireadh mhí an Mheithimh 2023. Ghlac an tOllamh Michael McMahon ról an Chathaoirligh i gcáil ghníomhach ansin go dtí gur ceapadh an tUasal Seamus Coffey ina Chathaoirleach nua ar an gComhairle Fhioscach i mí Lúnasa 2024.

2 Ullmhaíodh ráitis airgeadais na Comhairle Fioscaí i gcomhréir leis an gCaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102.

3 Foráiltear le mír 9 den sceideal a ghabhann leis an Acht don fhoinse mhaoiniúcháin agus leagtar síos leibhéal bonnlíne caiteachais €800,000 don Chomhairle Fhioscach ar an tosach feidhme (31 Nollaig 2012).

4 Feidhmíonn an Roinn Airgeadais Innéacs Comhchuibhithe Praghsanna do Thomhaltóirí (ICPT) na Príomh-Oifige Staidrimh agus an uasteorainn d'aon bhliain á socrú. Ba é 8.1% an ráta ICPT a úsáideadh chun uasteorainn 2023 a ríomh, bunaithe ar thuairisceán ICPT 2022.

5 Socraítear ioncam agus caiteachas faoin gcoinbhinsiún cuntasaíochta fabhraithe ach tá an uasteorainn maoinithe reachtúil bunaithe ar airgead tirim.

## Athbhreithniú seachtrach neamhspleách

**24.10** I gcomhréir lena plean straitéiseach roimhe seo (2020 – 2022), choimisiúnaigh an Chomhairle Fhioscach an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta le meastóireacht sheachtrach a dhéanamh chun feidhmiú na Comhairle Fioscaí a mheas maidir lena sainordú faoin Acht, a struchtúir rialachais, cé chomh héifeachtach agus a chuireann sí a cuid oibre in iúl agus tionchar a cuid oibre. Ba é seo an dara hathbhreithniú seachtrach neamhspleách a rinneadh ar an gComhairle Fhioscach.[1]

**24.11** Foilsíodh tuarascáil an ghrúpa athbhreithnithe i mí Feabhra 2021.[2]

**24.12** Fuarthas amach san athbhreithniú gur fheidhmigh an Chomhairle Fhioscach go maith i gcomparáid le caighdeáin idirnáisiúnta, ag comhlíonadh nó ag sárú na bprionsabal agus na gcaighdeán i mbeagnach gach réimse. Luadh san athbhreithniú gur chuidigh an Chomhairle Fhioscach le bainistíocht fhioscach a neartú in Éirinn trí uirlisí nua a fhorbairt chun comhlíontacht na rialacha fioscacha a mheas agus chun an timthriall eacnamaíoch a thomhas. Fuarthas amach san athbhreithniú go léiríonn an Chomhairle Fhioscach ardleibhéil trédhearcachta maidir lena cuid modheolaíochtaí agus go bhféachtar uirthi mar institiúid neamhspleách agus neamhpháirtiseánach.

**24.13** Rinneadh roinnt moltaí i sé réimse san athbhreithniú: buiséad, ceannaireacht, ceanglais rialachais, rochtain ar fhaisnéis, soláthar foirne agus saincheisteanna fioscacha meántéarmacha agus fadtéarmacha.

**24.14** D’aithin an Chomhairle Fhioscach 28 pointe gníomhaíochta molta, rud a d'eascair as moltaí na tuarascála, agus mhol sí 25 gníomh a chur chun feidhme. D’aithin an Chomhairle Fhioscach go raibh sé faoina rialú díreach 14 ghníomh a chur chun feidhme, ach go raibh sé lasmuigh dá smacht 11 ghníom a chur chun feidhme.

**24.15** Tá na gníomhartha molta atá faoina rialú díreach á gcur chun feidhme ag an gComhairle Fhioscach. Cuireadh deich gcinn de na gníomhartha chun feidhme go hiomlán, agus tá na ceithre cinn eile á gcur chun feidhme faoi láthair.

**24.16** As an 11 ghníomh nach bhfuil faoi rialú díreach na Comhairle Fioscaí, cuireadh ceithre cinn acu chun feidhme go hiomlán ag deireadh mhí Lúnasa 2024. Níor aontaigh an Roinn Airgeadais gníomh amháin a chur chun feidhme a mbeadh athrú reachtaíochta ag teastáil lena aghaidh.[3] Leanann an Chomhairle Fhioscach de bheith ag plé leis an Roinn Airgeadais maidir le sé ghníomh eile a chur chun feidhme. Mar a rinneadh ag deireadh mhí Lúnasa 2024, thosaigh an Roinn ag obair le hOifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas ar dhréacht-Cheannteidil Bille chun foráil a dhéanamh do roinnt de na moltaí a dteastaíonn athruithe reachtacha uathu.

**24.17** D’fhoilsigh an Chomhairle Fhioscach plean straitéiseach nua (2023 – 2025) i mí Eanáir 2023. Leis an bplean straitéiseach, cuirtear ceangal ar an gComhairle Fhioscach tús a chur leis an gcéad athbhreithniú seachtrach eile ar a cuid oibríochtaí in 2026.

1 Rinneadh an t-athbhreithniú seachtrach roimhe seo in 2015.

2 Tá tuarascálacha an athbhreithnithe sheachtraigh don bhliain 2015 agus 2021 ar fáil ag www.fiscalcouncil.ie.

3 Ba é an moladh gaolmhar gur cheart go mbeadh ceart reachtúil rochtana ar fhaisnéis ag an gComhairle Fhioscach.